# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1 COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Ar an 30 Bealtaine ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)[1]. Ó rinneadh sin, bhí ar gheilleagar na hEorpa dul i ngleic le turraing eisigineach shiméadrach nach raibh a leithéid ann riamh roimhe de thoradh phaindéim COVID-19 agus cuireadh brú tromchúiseach ar gheilleagar, margadh saothair agus córais shóisialta agus sláinte na mBallstát. I bhfianaise an dúshláin sin, ba cheart don Aontas beart iomchuí a dhéanamh chun téarnamh ón turraing shláinte, shóisialta agus eacnamaíoch a tháinig as paindéim COVID-19.

Ar an 27 Bealtaine 2020, ghlac an Coimisiún togra athbhreithnithe le haghaidh an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile le haghaidh na tréimhse 2021-2027[2]. Léiríonn an togra freagairt na hEorpa ar thionchar sóisialta eacnamaíoch phaindéim COVID-19.

Leanfaidh éifeachtaí COVID-19, idir dhíreach agus indíreach, de bheith ag imirt tionchar mór díobhálach ar na Ballstáit uile sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus ardófar leibhéil na n-éagothromaíochtaí, na bochtaineachta agus dhífhostaíocht an aois óig. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur gá an togra maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus a leasú chun é a chur in oiriúint don Phacáiste Téarnaimh nua agus chun an deis a thabhairt infheistíochtaí straitéiseacha a dhéanamh i gcórais agus beartais fostaíochta agus shóisialta.

Chun go n-éireoidh na hinfheistíochtaí sin ina ngnéithe cuimsitheacha inbhuanaithe de shamhail fáis athspreagtha, agus i gcomhréir leis na gealltanais a rinne an tAontas go gcuirfeadh sé chun feidhme Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras, tá na leasuithe ar Rialachán CSE+ dírithe, i gcomhréir le treoirlíne an Uachtaráin von der Leyen, ar an méid seo a leanas:

- Méadú ar na ceanglais díriúcháin théamaigh le haghaidh fostaíocht don aos óg. Mar a léirigh cúluithe eacnamaíocha roimhe seo, tá fostaíocht an aois óig níos íogaire ó thaobh thimthriall an ghnó de ná fostaíocht na ndaoine fásta agus is dócha go dtiocfaidh rátaí dhífhostaíocht an aois óg agus NEET an-ard ar fad ar ais de dheasca an chúlaithe eacnamaíoch a tháinig as paindéim COVID-19  Chun tacaíocht breise a thabhairt do théarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus d’aistrithe ón scoil go dtí an obair agus athruithe ag teacht ar shaol na hoibre agus chun a áirithiú go mbainfidh daoine óga an leas is fearr is féidir a bhaint as deiseanna a eascraíonn ó aistrithe digiteacha, aistrithe athléimneacha agus aistrithe glasa, ba cheart do na Ballstáit ina bhfuil ráta NEET acu (aoisghrúpa 15-29) os cionn mheán an Aontais 15 % ar a laghad dá n-acmhainní CSE+ faoi bhainistíocht chomhroinnte a chlársceidealú le haghaidh gníomhaíochtaí spriocdhírithe agus athchóirithe chun tacú le daoine óga (méadú ar an seanráta 10 %).

- Dul i ngleic le bochtaineacht leanaí: De réir loighic an téarnaimh, is amhlaidh is mó arís an tábhacht a bheidh le dul i ngleic le bochtaineacht leanaí sna blianta amach romhainn, chun a áirithiú nach bhfágfar leanbh ar bith ar deireadh tar éis ghéarchéim COVID-19. Tá sé beartaithe go mbeidh aithris agus airteagal ann ina mbeidh sé leagtha síos gur cheart do na Ballstáit 5 % ar a laghad de na hacmhainní CSE+ faoi bhainistíocht chomhroinnte a leithdháileadh chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí.

[1] COM(2018) 382.
[2] COM(2020) 443.

• Aistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn i gcomhréir le Straitéis Tionsclaíochta an Aontais[3], straitéis a mbeidh scileanna nua le haghaidh cineálacha nua poist de dhíth chun í a chur i gcrích. Agus an “gnáthamh nua” ar bun tar éis phaindéim COVID-19 beidh gá le tacar scileanna nua agus tiocfaidh samhlacha eacnamaíocha agus gnó nua chun cinn in éiceachórais thionsclaíocha na hEorpa, lena n-áirítear slabhraí luachanna áitiúla nua, slabhraí ar cheart Ciste Sóisialta na hEorpa a úsáid chun tacú leo.

Is díréireach an éifeacht a bhí ag paindéim COVID-19 ar na mná. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit féachaint chuige mar is ceart go leanfaidh oibríochtaí go docht prionsabal cothrománach an chomhionannais inscne mar a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán CSE+.

Tá an Coimisiún ag beartú freisin go mbunófar Clár Sláinte[4] a bheidh daingnithe go mór ba cheart, ó bheidh sé chomh mór sin agus scóip chomh mór sin aige, a bheith ina chlár neamhspleách. Dá bhrí sin, níl an Clár Sláinte ina chuid de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus níos mó. Dá thoradh sin, ní mór an togra le haghaidh Chiste Sóisialta na hEorpa Plus a leasú agus na tagairtí uile don tsraith Sláinte a scriosadh. Ós rud é, áfach, gur gá an dá chlár a chomhordú go dlúth le chéile, tá forálacha i CSE+ leasaithe lena n-iarrtar go n-áiritheofar sineirgí agus comhlántacht ngníomhaíochtaí idir CSE+ agus Clár Sláinte nua an Aontais.

Chun na ceachtanna atá le foghlaim ón ngéarchéim seo a fhoghlaim, ní mór sásraí a bheith ann is féidir a úsáid go tapa má thagann cásanna eisceachtúla chun cinn laistigh de dheich mbliana a chur sa chreat dlíthiúil le haghaidh beartas comhtháthaithe. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go mbeidh bearta sealadacha ann le haghaidh úsáid CSE+ mar fhreagairt ar chásanna eisceachtúla agus ar chásanna neamhghnácha chun a áirithiú gur féidir foráil maidir le maoluithe ar rialacha áirithe, faoi dhálaí teoranta sonracha, chun gur fusa freagairt a thabhairt ar na cásanna sin.

Ar na bearta sin tá an deis raon feidhme CSE+ a leathnú chun nithe a chumhdach amhail tacaíocht a thabhairt do scéimeanna oibre gearrthréimhse, nach bhfuil comhcheangailte de bhearta gníomhacha, agus rochtain ar chúram sláinte, lena n-airítear do dhaoine nach mbaineann íogaireacht shocha-eacnamaíoch láithreach leo agus, lena chois sin, cead a thabhairt ceanglais díriúcháin théamaigh a mhaolú nuair is gá chun gur féidir freagairt éifeachtach a thabhairt ar na cásanna eisceachtúla agus ar na cásanna neamhghnácha sin.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais agus ní bhaineann sé ach le leasú spriocdhírithe ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (COM (2018) 382) chun gur féidir CSE+ a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí chun cur leis an téarnamh tar éis an tionchair a d’imir paindéim COVID-19 ar gheilleagar agus sochaí na mBallstát. Is é is aidhm do CSE+ ardleibhéil fostaíochta a bhaint amach chomh maith le cosaint shóisialta chothrom agus lucht saothair oilte athléimneach a bheidh oiriúnach do riachtanais an margaidh saothair agus ullmhaithe don saol oibre atá ag teacht, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta agus, sa chaoi sin, cuidiú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Glas don Eoraip agus na Straitéise Tionsclaíche nua.

[3] COM(2020) 102.
[4] COM(2020) 405.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán agus tuairisciú ar chur chun feidhme na mbeart faoi chuimsiú na sásraí tuairiscithe a chuirtear ar bun sa togra le haghaidh Rialachán COM (2018) 375 an 29 Bealtaine 2018 agus an togra le haghaidh Rialachán COM (2018) 375 an 30 Bealtaine 2018.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá sé beartaithe leasú a dhéanamh ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa an 30 Bealtaine 2018 mar seo a leanas:

- an bunús dlí trí Airteagal 168 CFAE a scriosadh, rud a bhaineann leis an tsraith Sláinte scriosadh;
- leasuithe ar aithrisí 5, 14, 15, 16 agus 23 a bhaineann le téarnamh an gheilleagair;
- aithris nua 22a a chur isteach a bhaineann le dul i ngleic le bochtaineacht leanaí;
- leasuithe ar aithrisí 9, 10, 11, 12, 21, 35 go 45, 47 agus 51 a bhaineann leis an tsraith Sláinte scriosadh;
- aithris (20a) nua (20a) a chur isteach a bhaineann le sineirgí leis an gClár Sláinte nua.
- leasuithe ar Airteagal 2(1), pointe 2 agus pointe 9; Airteagal 3, an dara fomhír agus pointe (b) den tríú fomhír;; Airteagal 4(1), an chéad abairt agus (3); Airteagal 5(1) (3), (4) agus (5); Airteagal 6(1); Airteagal 7(1), an dara fomhír; Airteagail 26 go 29; teideal Airteagal 30(1), an chéad abairt agus (2); Airteagal 31(1), (2), (4) agus (5); Airteagal 32; Airteagal 33(1) agus (3); Airteagal 37(2); Airteagal 38(2), (3) agus (6); teideal Airteagal 42, (1) agus (2) a mbaineann gach ceann acu le scriosadh an tsraith Sláinte;
- leasú ar Airteagal 2(1), pointe 10 ar mhaithe le comhsheasmhacht idir ionstraimí de chuid an Aontais;
- Leasú ar Airteagal 5(2) ós rud é gur laghdaigh ar an mbuiséad le haghaidh CSE+ faoi bhainistíocht chomhroinnte;
- _ leasuithe ar Airteagal 7 trí mhír nua 3a a thabhairt isteach le haghaidh ceanglas nua maidir le díriú téamach chun tacú le leanaí atá bocht agus trí leasú a dhéanamh ar mhír 5 a bhaineann leis an gceanglas maidir le méadú ar an díriú téamach ar fhostaíocht don aos óg;
- aithris (54) nua agus Airteagal 37a nua a chur isteach a bhaineann le bearta sealadacha le haghaidh úsáid CSE+ mar fhreagairt ar chásanna eisceachtúla agus cásanna neamhghnácha;
- Iarscríbhinn III a bhaineann leis an tsraith Sláinte, a scriosadh.

Tugadh an ráiteas airgeadais reachtach cothrom le dáta freisin.

